# Caibidil 1

## Fear Óg Aerach

Thug Seán Mac Gearailt póg dá bhean agus d'fhág slán aici. Chrom sé ar fheadaíl agus é ag dul síos an tsráid. Bhí an mhaidin go hálainn. Bhí an ghrian ag taitneamh anuas as spéir ghlan ghorm gan smúit gan scamall. B'aoibhinn a bheith beo a leithéid sin de lá, ach b'aoibhne ná sin a bheith óg. Pósadh Seán seachtain roimhe sin. Bhí Caitlín Ní Ghríofa ar na cailíní is dathúla in Éirinn, dar le Seán, agus bhí sé féin ar na fir is sásta sa tír nuair a ghlac sí leis mar fhear céile. Níorbh é sin an t-aon rud amháin ba chúis le hé a bheith chomh haerach an mhaidin úd, áfach.

Cúpla mí roimhe sin, fuair Seán post sa Roinn Lorgaireachta de na Gardaí Síochána. Cé go raibh sé cuibheasach óg, d'éirigh go hiontach leis sna chéad chásanna a tugadh dó le réiteach. Thug Malcolm Ó Conchúir, Ceannaire an Bhrainse Lorgaireachta, moladh dó ar dhá ócáid. Páid Ó Gallchóir, fear a bhí le fada an lá san Fhórsa, dúirt seisean nár chuala sé an focal molta riamh ón gCeannaire gan ardú céime teacht go grod ina dhiaidh don duine a thuill an moladh. Agus bhí an ceart aige. An lá roimhe sin, fuair Seán nóta ón gCeannaire á rá

leis go raibh post faoi leith aige dó, agus ag iarraidh air teacht chun cainte leis ag a deich a chlog an mhaidin ina dhiaidh sin.

Nuair a shroich Seán Ceannáras na nGardaí, seoladh láithreach isteach chun an Cheannaire é.

'Suigh síos,' arsa Malcolm go grod agus é ag síneadh méire i dtreo cathaoireach.

Bhí sé féin ina shuí ag a dheasc agus é ag útamáil le scian pháipéir, rud ba ghnás leis.

'Pósadh thú le déanaí, a Sheáin?' arsa Malcolm go mall.

'Pósadh,' a d'fhreagair Seán agus gan fhios aige cad é an bhaint a bhí aige sin leis an ngnó a bhí idir lámha acu.

'Bhuel, ní miste dom é seo a rá leat i dtosach báire – an post seo a ndearna mé tagairt dó cheana i mo nóta, tá sé an-bhaolach. Tá sé i bhfad níos contúirtí ná aon rud a bheadh le déanamh agat anseo de ghnáth. Beidh fórsaí an-láidir i do choinne. Is beag cabhair a bheidh agat uainn féin, fiú amháin, mar beidh ort an obair go léir a dhéanamh amhail is nach mbeimisne ann ar chor ar bith. Más maith leat cúlú anois, tá a chead sin agat, agus is féidir leat a bheith cinnte de nach mbeidh aon rud againn i do choinne amach anseo dá bharr.'

Stad sé den chaint agus d'fhéach ar an bhfear óg a bhí os

a chomhair amach.

'Inis dom mar gheall ar an bpost,' arsa Seán tar éis tamall beag. 'Glacfaidh mé leis.'

Shín Malcolm a lámh amach chuige.

'Mo ghraidhin thú!' ar sé go croíúil. 'Bhí a fhios agam go raibh sracadh ionat!'

D'oscail sé an bosca toitíní a bhí ar an deasc agus rinne ceann acu a thairiscint don fhear eile. Ghlac Seán uaidh é agus ionadh air. Bhí a fhios ag cách sa Bhrainse Lorgaireachta nár lig Malcolm Ó Conchúir riamh d'aon duine de na lorgairí caitheamh ina láthair.

'Ní gá dom a rá leat go bhfuil cogadh ar siúl i láthair na huaire,' arsa an Ceannaire agus é ag gáire. 'Ní gá dom a rá leat ach oiread go bhfuil an-chuid earraí nach féidir linn iad a fháil sa tír seo de bharr an chogaidh chéanna. Chuala tú trácht go minic ar an Margadh Dubh, is dóigh liom. B'fhéidir go measann tú nach bhfuil sa rud sin ach ábhar inspéise i gcomhair scéalta sna páipéir ghrinn. Ach tá a fhios againne anseo go bhfuil an-chuid nithe eile sa ghnó seachas é sin. Tá buíon idirnáisiúnta coirpeach ag treorú an Mhargaidh Dhuibh, agus ní hamháin go bhfuil an Margadh Dubh faoina stiúir acu, ach tá siad ag fáil greim diaidh ar ndiaidh ar an mbeagán d'earraí éagsúla

atá fágtha againn, earraí fíorthábhachtacha.

'Tá tuairim ag an Aire Cosanta go bhfuil an dream seo ag iarraidh sinne a thabhairt isteach sa chogadh – agus táim féin cinnte de. Cailleadh na mílte galún de pheitreal i rith na bliana atá imithe thart, agus ní fios d'aon duine beo, beirthe ná baiste cár imigh siad. Tharla an rud ceannann céanna do mhiotail áirithe atá ag teastáil go géar uainn. Na rudaí seo atá á rá agam, tá siad ina rún, tá a fhios agat. Goideadh luach na mílte punt d'earraí atá riachtanach amach is amach do ghnáthshaol na tíre seo. D'imigh na nithe sin go léir as stórais a raibh gardaí iontaofa orthu! Duine éigin atá cuibheasach tábhachtach i rialachán na tíre seo a rinne na gníomhartha seo. Ní féidir liom aon mhíniú eile a fháil ar an scéal.

'Má leanann an rud ar aghaidh faoi mar atá, deirimse leat go mbeidh an tír ina raic. Ní bheimid ábalta an córas rialacháin a choimeád ar siúl. Cuirfear stop le gach tionscal atá againn. Fiú amháin an talmhaíocht, tá an dream mallaithe seo ag cur a ladhar isteach inti. Is cuimhin leat na dóiteáin mhóra a tharla le déanaí? Níor thug na nuachtáin gach eolas don phobal. Milleadh na mílte tonna de chruithneacht, de phrátaí, den eorna agus de bharraí eile nárbh iad. Táimid ag bailiú stuif le chéile in aghaidh an lae, agus tá an bhuíon seo ag cur ár saothar go léir ar neamhní. Caithfear stop a chur leo. Mura ndéantar sin,

beidh staid na tíre chomh dona sin, sula i bhfad, go mbeidh sé ar chumas aon náisiún ar mian leis é teacht isteach agus sinne a chur faoina smacht!

'Dúirt mé leat cheana gur post d'fhear amháin atá ann. Tá a fhios againn go bhfuil cairde ag na bithiúnaigh seo i ngach áit ar fud na tíre. Mura mbeadh, ní fhéadfaidís na bearta atá déanta acu a thabhairt i gcrích. Ní féidir linn taobhú le haon duine. Dúirt an tAire liom duine maith a fháil agus cead a chinn a thabhairt dó chun an fhadhb a réiteach ar a bhealach féin. Roghnaigh mé thusa. Caithfear an dream seo a bhriseadh. Tá saoirse agus neodracht na hÉireann ag brath air! Agus caithfear an buille a bhualadh go luath agus go láidir.

'Más féidir linn greim a fháil ar cheannairí an Mhargaidh Dhuibh, beidh greim againn ar na daoine atá ag déanamh na hoibre úd chomh maith. Deirim leat arís go bhfuil sé baolach. An cuimhin leat Tomás Ó hUiginn? Bhuel, rinne seisean iarracht an cheist a réiteach. Measann gach aon duine gur maraíodh é sa tionóisc úd leis an mótar. Tá a fhios agamsa gur dúnmharú a bhí ann! Ní féidir liom é a chruthú, ach níl dabht ar domhan orm faoi. Táim ag tabhairt seans duit, athuair, an post a dhiúltú, más mian leat.'

Rinne Seán Mac Gearailt gáire.

'Tá tú ag múscailt na suime atá agam sa phost le gach focal a deir tú,' ar sé, 'agus tugaim an freagra céanna ar do cheist: Glacfaidh mé leis an bpost agus míle buíochas duit!'

D'oscail Malcolm tarraiceán sa deasc agus thóg amach beart beag de pháipéir a bhí ceangailte le banda rubair.

'Is éard atá anseo agam ná gearrthóga as na nuachtáin. Ní bheadh tuairim dá laghad ag an ngnáthdhuine go raibh aon ghaol idir na tuarascálacha atá orthu seo – ach tá. Tá an t-aon intinn amháin taobh thiar de na rudaí seo go léir. Cuntais ar thinte a tharla ar fud na tíre i gcuid díobh. Cuid eile is ag cur síos ar robáil atá siad. Déanann roinnt díobh tagairt do dhaoine a fuair bás – agus na fir seo go léir, bhí siad ag iarraidh deireadh a chur leis an Margadh Dubh! De réir gach dealraimh, ní raibh lámh ag aon duine ina mbás: tionóisc mhí-ámharach a tharla gach uair.'

Thóg sé clúdach mór litreach as tarraiceán eile.

'Gach rud atá faighte amach againn go dtí seo, tá sé le fáil agat istigh. Is beag é sin, admhaím. Is é an rud atá le déanamh agatsa ná ceannáras na buíne a fháil agus liosta de na daoine is mó atá ag déanamh na hoibre mallaithe seo a chur le chéile. Beidh ainmneacha nár bheag a dtábhacht i gcúrsaí na tíre seo ann. Is cuma. Déanfar iadsan a bhriseadh chomh maith le cách.

Sin a bhfuil le rá agam anois. Léigh na páipéir a thug mé duit go cúramach. Tá orduithe an Aire féin ar an gceist ina measc. Slán leat go fóill agus go n-éirí an t-ádh leat!'

D'éirigh Seán ina sheasamh. D'fhéach sé idir an dá shúil ar a cheannaire agus chroith an lámh a shín sé chuige.

'Déanfaidh mé mo dhícheall,' ar sé.

Nuair a d'imigh an fear óg as an oifig, ba bheag a shíl Malcolm Ó Conchúir gur corpán a bheadh ann, an chéad uair eile a leagfadh sé súile air.